Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**5757/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0456(NLE)**

**ACP 8**
**WTO 10**
**RELEX 93**
**COASI 9**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le haontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le haontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6)de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Meitheamh 2002, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur leis an gcaibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an nGrúpa Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

(2) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[2] ('an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach'), lena mbunaítear creat do Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, i Londain an 30 Iúil 2009. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach á chur i bhfeidhm go sealadach ag Nua- Ghuine Phapua agus Poblacht Fhidsí ó bhí an 20 Nollaig 2009 agus an 28 Iúil 2014 ann, faoi seach.

(3) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, tá an tAontas Eorpach tagtha in ionad an Chomhphobail Eorpaigh agus i gcomharbas air agus ón dáta sin amach feidhmíonn sé cearta uile agus gabhann sé chuige oibleagáidí uile an Chomhphobail Eorpaigh.

(4) Leagtar síos in Airteagal 80 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach na forálacha maidir le haontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin. D'aontaigh Stát Neamhspleách Shamó, agus Oileáin Sholomón don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach i gcomhréir leis, agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach acu ó bhí an 31 Nollaig 2018 agus an 17 Bealtaine 2020 ann, faoi seach.

---

[2] Cinneadh 2009/729/CE ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eatramhaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 272, 16.10.2009, lch. 1).

(5) An 31 Márta 2023, chuir Túvalú iarraidh ar aontachas in éineacht le tairiscint rochtana ar an margadh faoi bhráid an Aontais.

(6) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar thairiscint Thúvalú agus, tar éis leasuithe, measann sé go bhfuil sí inghlactha. Dá réir sin, thug an Coimisiún an chaibidlíocht le Túvalú i gcrích an 27 Aibreán 2023.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 76(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, tá an tAontas agus Túvalú chun an Comhaontú a chur chun feidhme go sealadach 10 lá tar éis dóibh fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích.

(8) Ba cheart aontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir thaisceadh na hionstraime aontachais ag Túvalú de bhun Airteagal 80(2) de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déantar aontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach'), a fhormheas leis seo thar ceann an Aontais, faoi réir thaisceadh na hionstraime aontachais ag Túvalú de bhun Airteagal 80(2) de.

2. Déanfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, fógra a thabhairt do na Páirtithe Conarthacha eile sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach agus do Thúvalú á rá go bhfuil aontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach formheasta ag an Aontas.

3. Tá téacs na tairisceana rochtana ar an margadh ó Thúvalú i gceangal leis an gCinneadh seo*.

*Airteagal 2*

1. D'fhonn an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an tAontas agus Túvalú a chur i bhfeidhm go sealadach, tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá dtagraítear in Airteagal 76(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

2. Cuirfidh an tAontas agus Túvalú an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach i bhfeidhm go sealadach 10 lá tar éis dóibh fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích acu i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

* Toscaireachtaí: Doiciméad ST 5757/24 ADD 1.

*Airteagal 3*

Ní fhorléireofar formheas aontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna nó bhinsí an Aontais nó na mBallstát.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*